Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14285/23**

**CLIMA 483**
**ENV 1139**
**ONU 80**
**DEVGEN 182**
**ECOFIN 1054**
**ENER 551**
**FORETS 155**
**MAR 126**
**AVIATION 192**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13842/23 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin don 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP28) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Dubai, an 30 Samhain – an 12 Nollaig 2023)<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3973ú cruinniú dá cuid, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

**Ullmhúcháin don 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP28) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)**

**(Dubai, an 30 Samhain - 12 Nollaig 2023)**

- Conclúidí ón gComhairle -

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

A PHRÁINNÍ ATÁ SÉ GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

1. CUIREANN SÍ IN IÚL, AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI DÁ RÉIR, go bhfuil méadú leanúnach ar thionchair bhreathnaithe an athraithe aeráide, ó thriomach go tuilte, falscaithe agus tonnta teasa, i measc nithe eile, ar fud an domhain agus go bhfuil pobail ar gach mór-roinn á gcur thar a fhulaingt i gcomhthéacs na leibhéal is airde riamh d’astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). Ina theannta sin, AITHNÍONN SÍ an tionchar méadaitheach ar limistéir an-leochaileach mar shampla limistéir chósta agus sléibhe agus réigiúin pholacha. I bhfianaise an mhéid sin, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá an fhreagairt dhomhanda a neartú go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide agus dlús suntasach a chur le laghduithe domhanda ar astaíochtaí GCT i ngach tír, agus gurb é an ghníomhaíocht oiriúnúcháin agus an fhorbairt inbhuanaithe an t-aon bhealach amháin chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus caighdeáin mhaireachtála agus rathúnais níos fearr a áirithiú do dhaoine ar fud an domhain, agus an dúlra agus éiceachórais á gcosaint ag an am céanna.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Tuarascáil Sintéise den Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur mór aici an obair a rinne IPCC i gcomhthéacs a 6ú Timthriall Measúnaithe agus CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR ábharthacht bheartais a mheasúnuithe maidir le réitigh fhéideartha le haghaidh gníomhaíochta.

3. MEABHRAÍTEAR DI agus is ábhar imní di príomhthorthaí na Tuarascála Sintéise seo, lena n-áirítear i) go bhfuil scála na n-athruithe sa chóras aeráide mar thoradh ar astaíochtaí antrapaigineacha gan fasach i stair an chine dhaonna, ii) go bhfuil méadú ag teacht ar mhinicíocht, ar mhéid, ar fhairsinge spásúil agus ar fhad na n-eachtraí adhaimsire i ngach réigiún ar fud an domhain, iii) in ainneoin an dul chun cinn atá déanta maidir le pleanáil agus cur chun feidhme oiriúnúcháin, gur ann fós do bhearnaí agus teorainneacha san oiriúnú, agus iv) faoi láthair, nach leormhaith ar dhóigh ar bith na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna) chun fanacht faoin teorainn 1.5 C le linn an 21ú haois agus á chur i bhfios go bhfuil roghanna oiriúnaithe agus maolaithe ar fáil cheana féin atá indéanta éifeachtacha ar bheagán costais.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis mhór imní di torthaí na tuarascála is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta maidir le Nuashonrú Aeráide Bliantúil go Deichbhliantúil, ina léirítear go mbeidh na teochtaí domhanda is airde riamh sna cúig bliana amach romhainn agus ina meastar go bhfuil dóchúlacht 66 % ann gur mó ná 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a bheidh an mheánteocht dhomhanda bhliantúil neasdromchla ar feadh bliain amháin ar a laghad idir 2023 agus 2027.

5. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cuid de ghéarchéim phláinéid thriarach an t-athrú aeráide, ar codanna eile di cailliúint agus truailliú na bithéagsúlachta, agus go dtreisíonn na codanna sin a chéile. IARRANN SÍ go dtiocfaí ar réitigh, lena n-áirítear réitigh dhúlra-bhunaithe, lena bhféadfadh aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna éagsúla go comhuaineach.

6. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ GO PRÁINNEACH go méadófaí an ghníomhaíocht agus an uaillmhian dhomhanda le linn na ndeich mbliana criticiúla seo, i gcomhréir leis na tuarascálacha IPCC: chun téamh thart ar 1.5 C a theorannú, ní mór astaíochtaí GCT buaicphointe a bhaint amach roimh 2025 ar a dhéanaí agus iad a laghdú 43 faoin gcéad faoi 2030 agus 60 faoin gcéad faoi 2035, i gcomparáid le 2019.

7. CÁINEANN SÍ ARÍS go fíorghéar cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ní amháin go sáraíonn an cogadh sin an dlí idirnáisiúnta go mór agus gur cúis é le bás líon ollmhór daoine agus éifeachtaí díobhálacha sláinte, lena n-áirítear do shibhialtaigh, ach déanann sé damáiste láithreach don dúlra agus díghrádú fadtéarmach comhshaoil, is baol don tsábháilteacht núicléach é, agus cuireann sé moill ar an ngníomhaíocht a bhfuil géarghá léi maidir leis an athrú aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil éifeachtaí tánaisteacha diúltacha tromchúiseacha ag an gcogadh sin ar fhuinneamh agus ar shlándáil bia, go háirithe sa domhan theas, gan trácht ar an mbonn a bhaint den tslándáil agus den chobhsaíocht dhomhanda, agus nach mór don chomhphobal idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt air go práinneach agus go cinntitheach.

GNÍOMHAÍOCHT, UAILLMHIAN, DEISEANNA AGUS TACAÍOCHT A FHEABHSÚ

8. Agus COP28 ar na bacáin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an rannpháirteachas idirnáisiúnta trí iltaobhachas rialacha-bhunaithe ríthábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt dhúshlán domhanda an athraithe aeráide.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na deiseanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, ní hamháin don phláinéad agus don gheilleagar domhanda, lena n-áirítear i dtaca le deiseanna infheistíochta agus airgeadais, iomaíochas, nuálaíocht, cruthú post agus fás eacnamaíoch, ach do na daoine freisin, ó thaobh caighdeáin mhaireachtála agus sláinte níos fearr, poist chuibhiúla, córais bhia inbhuanaithe, agus praghsanna inacmhainne fuinnimh.

10. ADMHAÍONN SÍ gur cheart do na Páirtithe, agus gníomhaíocht á déanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, a n-oibleagáidí faoi seach maidir le cearta an duine, an ceart chun sláinte, an ceart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe, cearta na bpobal dúchasach, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, na bpobal áitiúil, na n-imirceach, na leanaí agus na n-óg, na ndaoine faoi mhíchumas agus daoine atá i staideanna leochaileacha, chomh maith le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní agus cothromas idirghlúine, a urramú, a chur chun cinn agus a mheas CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil rannpháirtíocht phoiblí chuimsitheach, engagement agus rochtain ar fhaisnéis, lena n-áirítear i gcás na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí éagsúla, ríthábhachtach má táthar le ceartas sóisialta, cothroime agus cuimsitheacht a chur chun cinn san aistriú domhanda i dtreo na haeráidneodrachta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí do na luachanna sin. Sa chomhthéacs sin, ADMHAÍONN SÍ obair an Rapóirtéara Speisialta maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhthéacs an athraithe aeráide.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS, mar a léirítear sna tuarascálacha ó IPCC mar chnuasach, gur suarach méid na NDCanna, agus gur lag a nuashonruithe agus a gcur chun feidhme i dtaca leis an gcuspóir 1.5 C a choinneáil slán, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil méadú suntasach de dhíth ar an uaillmhian dhomhanda le go mbeifear i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

12. MEABHRAÍTEAR DI gur tathantaíodh ar na Páirtithe uile féachaint arís ar spriocanna 2030 ina NDCanna agus iad a neartú agus a straitéisí forbartha fadtéarmacha le haghaidh astaíochtaí ísle GCT a fhoilsiú nó a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun iad a ailíniú le sprioc teochta Chomhaontú Pháras i bhfad roimh COP28. Ba cheart a áireamh leo sin gach GCT agus gach earnáil agus ba cheart beartais agus bearta nithiúla a bheith mar bhonn taca leo chun iad a chur chun feidhme.

13. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag na mórgheilleagair uile maidir le méaduithe ar an teocht dhomhanda a theorannú le linn na ndeich mbliana criticiúla seo agus sna blianta ina dhiaidh sin agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart feabhas suntasach a bheith curtha ag gach mórgheilleagar ar uaillmhian a NDC ó glacadh Comhaontú Pháras, go raibh buaicphointe bainte amach ag a chuid astaíochtaí GCT cheana féin nó go bhfuil sé tugtha le fios aige go ndéanfaidh sé amhlaidh tráth nach déanaí ná 2025, lena n-áirítear dearbhspriocanna laghdaithe ar fud an gheilleagair lena gcumhdaítear na GCTanna uile ina NDC. Chomh maith leis sin, CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart do na mórgheilleagair a gcuid straitéisí fadtéarmacha, lena n-áirítear sprioc le haghaidh astaíochtaí nialasacha a thíolacadh nó a nuashonrú a luaithe is féidir, agus faoi 2050 ar a dhéanaí, i gcomhréir lena NDCanna nuashonraithe agus an cuspóir 1.5 C a choinneáil slán.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh gá le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise neamhlaghdaithe agus buaicphointe a dtomhaltas sin a bheith bainte amach cheana le linn na 10 mbliana seo chun an maolú agus an t-aistriú is gá a dhéanamh mar atá léirithe ag IPCC i dtreo geilleagar atá aeráidneodrach i gcomhréir le sprioc 1.5°C. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé don earnáil fuinnimh a bheith saor, den chuid is mó. ó bhreoslaí iontaise i bhfad roimh 2050 agus a thábhachtaí atá sé córas cumhachta domhanda atá go hiomlán nó den chuid is mó dícharbónaithe a bhaint amach sna 2030idí, ina mbeidh cumhacht nua ghuail fágtha ar lár, ós rud é go bhfuil bearta costéifeachtacha astaíochtaí nialasacha ar fáil go forleathan san earnáil sin cheana féin, lena soláthraítear tairbhí iomadúla, *inter alia*, don fhorbairt inbhuanaithe, do shláinte an duine agus do cháilíocht an aeir, do chruthú post agus don tslándáil fuinnimh. Thairis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ar mionscála amháin is ann do theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí nach ndéanann dochar suntasach don chomhshaol, agus gur ceart iad a úsáid go príomha chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha inar deacair laghduithe a dhéanamh agus gur chun rannchuidiú le hastaíochtaí diúltacha domhanda is ceart teicneolaíochtaí bainte a úsáid, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nár cheart iad a úsáid chun moill a chur ar ghníomhú ar son na haeráide in earnálacha ina bhfuil roghanna malartacha maolúcháin ar fáil atá indéanta éifeachtach cost-éifeachtúil, go háirithe sna 10 mbliana criticiúla seo. IARRANN SÍ go gcuirfí deireadh de réir a chéile, a luaithe is féidir, le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ná ar aistriú cóir.

15. MOLANN SÍ go ndéanfaí obair chun teacht ar chomhaontú maidir le spriocanna atá comhoiriúnach leis an sprioc dhomhanda 1.5°C faoi 2030 agus spriocanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go tapa agus dlús a chur leis an bhfuinneamh in-athnuaite. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht dhomhanda i dtreo acmhainneacht an fhuinnimh in-athnuaite atá suiteáilte a mhéadú faoi thrí go 11 TW agus ráta na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030, agus meascán fuinnimh náisiúnta gach tíre á urramú ag an am céanna. Ní mór na spriocanna sin a bheith fite fuaite le coigilteas fuinnimh agus cuidiú le céimniú amach tháirgeadh agus thomhaltas an fhuinnimh breosla iontaise, ar céimniú amach é sin atá le glacadh ag COP28, agus obair á déanamh le tíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus airgeadais ó gach foinse, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun na tairbhí, lena n-áirítear ó thaobh rochtain agus slándáil fuinnimh de, a bhaineann leis an aistriú.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR torthaí IPCC ina 6ú Timthriall Measúnaithe, gur cheart bearta a bhaineann le hábhair, mar shampla maidir le héifeachtúlacht ábhair agus leis an ngeilleagar ciorclach, a bheith ag gabháil leis na bearta maolúcháin fuinneamhghaolmhara.

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur comhaontaíodh gnéithe riachtanacha an chreata reachtaigh arna mholadh sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ lena gcuirfear ar chumas an Aontais Eorpaigh a NDC a chur chun feidhme agus a ghlanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus é mar aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de réir mheastacháin an Choimisiúin, go bhféadfadh an creat reachtach ‘Oiriúnach do 55’, nuair a chuirtear chun feidhme go hiomlán é, a chur ar chumas an Aontais agus a chuid Ballstát glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i gcomparáid le 1990 faoi 2030.

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tíolacadh don UNFCCC nuashonrú ar NDC an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát lena léirítear na gnéithe bunriachtanacha den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ san fhaisnéis is gá le haghaidh soiléireachta, trédhearcachta agus tuisceana, i gcomhréir leis na cinntí a glacadh ag COP26 agus COP27 chun aghaidh a thabhairt ar an bpráinn atá le bheith ag gníomhú sna 10 mbliana seo.

19. TUGANN SÍ LE FIOS go leagfaidh an tAontas amach a chéad sprioc aeráide eile, i gcomhréir leis an Dlí Aeráide Eorpach. MEABHRAÍTEAR DI go dtíolacfaidh an Coimisiún Eorpach togra reachtach, de réir mar is iomchuí, chuige sin laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí ón gcéad Athbhreithniú Domhanda, bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe.

20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé do na Páirtithe uile feabhas a chur ar a n-acmhainneacht oiriúnaitheach, a n-athléimneacht a fhorbairt agus a leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach a bhíonn ag straitéisí agus pleananna náisiúnta oiriúnaithe atá iomlánaíoch cuimsitheach agus a chuirtear chun feidhme go héifeachtach.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS an iarracht mhéadaitheach atá á déanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun cosc a chur ar na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide, sa bhaile agus thar lear araon, mar a léirítear sna straitéisí agus pleananna oiriúnaithe atá á gceapadh agus á gcur chun feidhme ag na Ballstáit uile chun an t-oiriúnú a phríomhshruthú i mbeartais earnála ábhartha an Aontais agus sa Mhisean Eorpach um Oiriúnú agus i gcur chun feidhme Straitéis an Aontais um an Oiriúnú. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an Measúnú Eorpach ar Riosca Aeráide (EUCRA) lena dtacófar le tosaíochtaí beartais a bhaineann le hoiriúnú a shainaithint san Eoraip agus le beartais a fhorbairt in earnálacha atá íogair ó thaobh na haeráide de.

22. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an ghné idirnáisiúnta i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú, agus béim á leagan aici ar thacaíocht an Aontais d’athléimneacht agus ullmhacht idirnáisiúnta i leith na haeráide, do cheapadh beartas agus dreasachtaí chun infheistíochtaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn, agus do thacaíocht spriocdhírithe do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe do ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le cur chun feidhme na gcéimeanna éagsúla den timthriall beartais oiriúnúcháin (measúnú riosca, pleanáil, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus foghlaim).

23. IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht a chomhtháthú i mbeartais, i gcláir agus i ngníomhaíochtaí ábhartha agus atá ann cheana, laistigh de na hearnálacha ábhartha uile, ós rud é go bhfuil na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun gníomhú in aghaidh bagairtí méadaitheacha an athraithe aeráide.

24. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeidh sé ríthábhachtach an t-ardú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil faoi 1.5°C chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu amach anseo.

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach leor aon mhodh freagartha amháin chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Sa chomhthéacs sin, ADMHAÍONN SÍ go bhfuil baint ag go leor tíortha, institiúidí agus geallsealbhóirí cheana féin le meascán mearaí de réitigh a mhaoiniú chun freagairt ar chaillteanas agus damáiste. AITHNÍONN SÍ gur gá na socruithe cistiúcháin atá ann cheana a neartú chun freagairtí ar chaillteanas agus ar dhamáiste a mhéadú de bharr éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí tosaíochta atá ann cheana a bhaineann le gníomhaíocht agus tacaíocht a chur ar fáil chun freagairt ar chaillteanas agus damáiste. I bhfianaise an mhéid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE, *inter alia*, acmhainneacht na mBanc Forbartha Iltaobhach agus na nInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta, lena n-áirítear Grúpa an Bhainc Dhomhanda, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc Eorpach Infheistíochta, chun rannchuidiú le socruithe cistiúcháin chun freagairt ar chaillteanas agus damáiste.

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn an tAontas go láidir leis an iarraidh a rinne Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeadh córais luathrabhaidh tarrthála ann sna 5 bliana amach romhainn, a thabharfaidh cumhdach uilíoch, trí bhíthin an Tionscnaimh i ndáil le Riosca Aeráide agus Córais Luathrabhaidh agus na Saoráide Maoiniúcháin um Fhaireachán Córasach, chomh maith leis an tionscnamh ó V20/G7 dar teideal Sciath Dhomhanda i gcoinne Rioscaí Aeráide chun cosaint a mhéadú do dhaoine agus tíortha leochaileacha trí mhaoiniú réamhshocruithe frith-thubaiste ar mó agus ar fearr é go substaintiúil. TÁ SÍ TIOMANTA tacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear trí mhaoiniú agus árachas rioscaí tubaistí agus aeráide (CDRFI) a mhéadú agus ailtireacht dhomhanda CDRFI a dhéanamh sistéamach, comhleanúnach agus inbhuanaithe.

27. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an bplé i ndáil lena Conclúidí maidir le maoiniú don aeráid ag an gcruinniú a bheidh aici an 17 Deireadh Fómhair 2023.

28. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais agus na mBallstát maidir le comhlíonadh na sprice comhchoitinne USD 100 billiún a shlógadh faoi 2025 le haghaidh an mhaoinithe don aeráid i gcomhthéacs na gníomhaíochta fiúntaí maolúcháin agus na trédhearcachta maidir le cur chun feidhme, TÁ SÚIL AICI go sroichfear an sprioc sin in 2023 agus TATHANTAÍONN SÍ ar gach tír eile lena mbaineann dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis sin. IARRANN SÍ AR na comhpháirtithe uile, ó na réigiúin uile, atá in ann é sin a dhéanamh, lena n-áirítear institiúidí airgeadais idirnáisiúnta rialtais, eintitis na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idir-rialtasacha agus institiúidí déthaobhacha agus iltaobhacha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus foinsí príobháideacha, tacaíocht fheabhsaithe bhreise a chur ar fáil don ghníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear freagairt ar chaillteanas agus damáiste, chomh maith le foinsí nua agus nuálacha cistiúcháin a shainaithint, lena n-áirítear ó earnáil na mbreoslaí iontaise chun tacú leis na tíortha is leochailí chun athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a mhaolú agus a chothú.

29. IS DÍOL SÁSAIMH DI an toradh a bhí ar an gCruinniú Mullaigh maidir le Comhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda, lena rannchuideofar leis an gcóras idirnáisiúnta maoiniúcháin a thabhairt cothrom le dáta agus lena mbainfear leas as acmhainní airgeadais breise chun an bhochtaineacht a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin dhomhanda aeráide agus bithéagsúlachta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh na comhdhála athsholáthair ar an gCiste Glas don Aeráid.

LE BHEITH RATHÚIL IN DUBAI

30. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an chéad Athbhreithniú Domhanda ag COP28 in Dubai a thabhairt chun críche go rathúil, mar chnámh droma thimthriall uaillmhéine Chomhaontú Pháras, lena mbainfear amach conairí agus deiseanna uaillmhianacha réamhbhreathnaitheacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, lena gcoinneofar greim ar an teorainn 1.5 C, lena n-áirítear moltaí nithiúla[...] le haghaidh gníomhaíocht fheabhsaithe chothrom láithreach chlaochlaitheach uaillmhianach maidir le maolú agus oiriúnú roimh 2030 agus tar éis 2030, ar fud na gcóras uile, agus lena chois sin sreabha airgeadais domhanda a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile an toradh a bhí ar an gcéad Athbhreithniú Domhanda comharthaí beartais nithiúla a chur ar fáil do Pháirtithe agus do Gheallsealbhóirí nach Páirtithe iad a d'fhéadfadh gníomhaíocht ar an láthair a spreagadh agus feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta, agus IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile, go háirithe na mórgheilleagair, straitéisí fadtéarmacha a ullmhú agus a chur in iúl, lena n-áirítear sprioc chun astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach a luaithe is féidir, agus faoi 2050 ar a dhéanaí, agus NDCanna feabhsaithe sna blianta romhainn a bheidh i gcomhréir le greim a choinneáil ar an teorainn 1.5 C, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair lena gcumhdaítear na gáis cheaptha teasa uile. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoiste Ardleibhéil um an Athbhreithniú Domhanda dlús polaitiúil a chruthú chun toradh rathúil a fháil ar an gcéad Stocáireamh Domhanda in oirchill agus le linn CMA5 agus IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí Chruinniú Mullaigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le huaillmhian aeráide.

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh an clár oibre maidir le maolú chun uaillmhian agus cur chun feidhme an mhaolaithe a mhéadú go práinneach le linn na 10 mbliana criticiúla seo agus gur roghnaíodh aistriú fuinnimh cóir mar thopaic bhliantúil na bliana seo. IARRANN SÍ ar an Meitheal um an gClár oibre maidir le Maolú dea-chleachtais a bhailiú agus réitigh inghníomhaithe a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na bPáirtithe uile astaíochtaí ón earnáil fuinnimh a laghdú, arb í sin an earnáil is mó a d'fhéadfadh laghduithe astaíochtaí a bhaint amach agus lena soláthraítear na bearta is éifeachtúla ó thaobh costais de agus dá bhrí sin is fearr is féidir leis an earnáil sin rannchuidiú leis an uaillmhian agus leis an gcur chun feidhme a mhéadú le linn na 10 mbliana criticiúla seo. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCruinniú Mullaigh Ardleibhéil Aireachta maidir leis an uaillmhian roimh 2030 na réitigh sin a mheas chun borradh polaitiúil a chur faoi chur chun feidhme na réiteach sin ar an leibhéal náisiúnta, agus é a chur san áireamh sna NDCanna d'fhonn an uaillmhian dhomhanda a mhéadú, agus IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile cinneadh suntasach uaillmhianach a dhéanamh faoin Meitheal um an gClár oibre maidir le Maolú ag COP28.

32. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh an Clár Oibre um Aistriú Cóir maidir le bealaí chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus GEALLANN SÍ go n-oibreoidh sí ar bhealach cuiditheach leis na Páirtithe chun teacht ar chinneadh maidir lena raon feidhme agus maidir lena dhearadh lena bhreithniú agus lena ghlacadh ag CMA5. IARRANN SÍ go mbeadh clár oibre duinelárnach ann, nach bhfágfar aon duine ar lár, agus lena gcruthófar spás inar féidir leis na Páirtithe agus na geallsealbhóirí nach Páirtithe iad oibriú i gcomhar le chéile, faisnéis a sholáthar agus faisnéis a tharraingt maidir leis an aistriú cóir agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar a n-acmhainneacht chun aistriú cóir a chur chun feidhme ar bhonn intíre bunaithe ar idirphlé sóisialta, fóinteach agus éifeachtach agus ar rannpháirtíocht chuimsitheach do chách.

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-idirphlé saibhrithe a tharla faoi Chlár Oibre Ghlaschú-Sharm El-Sheikh maidir leis an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú, lenar éascaíodh físeanna éagsúla a roinnt agus foghlaim faoi dhea-chleachtais agus faoi thaithí lena bhféadfaí tosaíochtaí comhroinnte a shainaithint don ghníomhaíocht dhomhanda lena dtacaítear leis an dul chun cinn chun an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú a chur chun feidhme agus a bhaint amach. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá próisis chuimsitheacha, faoi úinéireacht áitiúil agus rannpháirteach a áirithiú agus na daoine is boichte agus is leochailí ón athrú aeráide a chosaint, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas láidir an Aontais páirt chuiditheach a ghlacadh chun teacht ar chomhaontú ag COP28 chun creat éifeachtach a chur ar fáil lena dtreiseofar, an timthriall beartais oiriúnaithe, a mbeidh spriocanna inghníomhaithe ag gabháil leis, chun treoir a thabhairt maidir leis an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú a bhaint amach agus maidir leis an athbhreithniú ar an dul chun cinn foriomlán a rinneadh chun é a bhaint amach.

34. MEABHRAÍTEAR DI go n-iarrtar le Comhshocrú Aeráide Ghlaschú, ar Pháirtithe ar tíortha forbartha iad a soláthair comhchoiteann, de mhaoiniú don aeráid le haghaidh oiriúnú, a thugtar do thíortha i mbéal forbartha, a mhéadú faoi dhó ar a laghad, ó na leibhéil a bhí ann in 2019, faoi 2025, i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir maolú agus oiriúnú agus acmhainní airgeadais uas-scálaithe á gcur ar fáil. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS tiomantas an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta san iarracht chomhchoiteann chun cur le soláthar agus slógadh an mhaoinithe don oiriúnú agus béim ar leith á leagan ar thíortha agus ar phobail atá bocht agus leochaileach, go háirithe ar na tíortha is lú forbartha agus ar stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha.

35. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas leanúnach an Aontais d'oibríochtú iomlán Líonra Santiago chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir trí óstach de Rúnaíocht an Líonra agus bord comhairleach a thoghadh, arna dhéanamh ag CMA5, chun comhordú domhanda a neartú a thuilleadh chun cúnamh teicniúil éileamh-bhunaithe na n-eagraíochtaí, na gcomhlachtaí, na líonraí agus na saineolaithe ábhartha a spreagadh chun cineálacha cur chuige ábhartha a chur chun feidhme i dtíortha atá i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide.

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI obair rúnaíocht UNFCCC agus obair an Choiste Idirthréimhsigh maidir leis na socruithe nua cistiúcháin a oibríochtú, lena n-áirítear ciste, chun freagairt do chaillteanas agus do dhamáiste chomh maith le tacaíocht ó na socruithe cistiúcháin atá ann cheana a uasmhéadú, mar fhreagairt ar chaillteanas agus ar dhamáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS na moltaí ón gCoiste Idirthréimhseach maidir le Caillteanais agus Damáiste a mheas ag COP28. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta do chinneadh COP27 maidir le socruithe nua cistiúcháin a oibríochtú, lena n-áirítear ciste, chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé féachaint níos faide ná táscairí traidisiúnta agus rioscaí agus leochaileachtaí aeráide á meas agus TÁ SÍ AG SÚIL go leanfar d'Idirphlé Ghlaschú i measc na bPáirtithe, na n-eagraíochtaí ábhartha agus na ngeallsealbhóirí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh na socruithe nua cistiúcháin, lena n-áirítear ciste, bunaithe ar na bearnaí tosaíochta a sainaithníodh sa chreat airgeadais atá ann cheana laistigh agus lasmuigh de UNFCCC agus de Chomhaontú Pháras, nach mór dóibh díriú ar thíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus a bheith bunaithe ar bhonn leathan rannchuiditheoirí agus comhordú, comhleanúnachas agus comhlántacht leis na socruithe cistiúcháin atá ann cheana a mheas freisin.

37. TÁ SÍ AG SÚIL go leanfar den phlé maidir le sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a leagan síos i ndáil le maoiniú don aeráid i gcomhthéacs gníomhaíochtaí fiúntacha maolúcháin agus trédhearcachta maidir le cur chun feidhme, agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh, lena rannchuidítear mar iarracht dhomhanda, ó raon leathan foinsí, idir phoiblí agus phríobháideach, le spriocanna Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear i gcomhthéacs sreabha airgeadais go léir a bheith á gcur i gcomhréir le conair i dtreo forbairt atá ar astaíochtaí ísle GCT agus atá aeráid-díonach. MOLANN SÍ go láidir go mbeadh plé ann maidir le bonn na rannchuiditheoirí a leathnú don sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann, lena léirítear cineál dinimiciúil na gcumas, in idirphlé na saineolaithe teicniúla atá ar na bacáin agus in Idirphlé Ardleibhéil na n-Airí ag COP28. IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile i gComhaontú Pháras é sin a dhéanamh chun rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda sin.

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI idirphlé Sharm el-Sheikh maidir le tuairimí a mhalartú maidir le raon feidhme Airteagal 2, mír 1(c) de Chomhaontú Pháras agus maidir lena chomhlántacht le hAirteagal 9 a fheabhsú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach dtiocfaidh cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí chun an aidhm a leagtar amach in Airteagal 2.1.c a bhaint amach in ionad maoiniú don aeráid a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha ná do ghealltanais ghaolmhara na dtíortha forbartha. MOLANN SÍ don earnáil phríobháideach agus do phríomh-ghealltsealbhóirí eile a ngníomhaíocht a mhéadú agus páirt a ghlacadh sa phlé sin agus é mar aidhm réitigh a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le maoiniú príobháideach a shlógadh don ghníomhú ar son na haeráide. TÁ SÍ AG SÚIL LE torthaí an dá cheardlann in 2023 agus lena tuarascáil chun breathnú ar CMA5 maidir le plé na gceardlann sin agus TÁ SÍ AG SÚIL LE mír thiomnaithe nua ar an gclár oibre a leagan síos ag COP28 chun an plé agus an chomhthuiscint maidir le conas an sprioc a bhaint amach, is é sin sreabha airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an mbealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de mar chumasóir criticiúil chun maoiniú a chur ar fáil ar scála. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS obair Chomhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide.

39. Cé gur gá leanúint den fhócas ar astaíochtaí a laghdú ar bhonn intíre agus ar aistrithe a mhéadú, AITHNÍONN SÍ acmhainneacht Airteagal 6 maidir le huaillmhian bhreise a éascú chun an bhearna a dhúnadh i dtreo teorainn 1.5 °C a chur leis an téamh domhanda agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chothú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, agus acmhainní airgeadais agus neamhairgeadais a shlógadh, agus ag an am céanna, cloí le coimircí comhshaoil agus sóisialta, cearta an duine a urramú, agus cosaint i gcoinne rioscaí aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an bunchuspóir fíor-riachtanach a áirithiú, le húsáid Airteagal 6, go rannchuideofar le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, go spreagfar uaillmhian, go gcosnófar an bhithéagsúlacht, go gcosnófar linnte nádúrtha, go dtacófar le hinfheistíocht chlaochlaitheach, le forbairt inbhuanaithe agus go ndaingneofar sláine an chomhshaoil, agus cearta an duine, lena n-áirítear cearta na bpobal dúchasach, á gcosaint ag an am céanna, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé sásraí Airteagal 6 a ailíniú go dlúth le NDC na bPáirtithe óstacha, lena straitéisí fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le spriocanna Chomhaontú Pháras lena n-urramaítear rannchuidiú na dtíortha óstacha agus lena gcaomhnaítear spás le haghaidh uaillmhian níos airde trí shochair mhaolaithe a chomhroinnt agus trí ghaibhniú go leibhéil neamh-inbhuanaithe astaíochtaí a sheachaint, trédhearcacht agus breisíocht a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar neamhbhuaine agus comhaireamh dúbailte i measc rannpháirtithe Airteagal 6 a sheachaint chomh maith le feabhas a chur ar phróisis tomhais, tuairiscithe agus fíoraithe atá stóinsithe agus trédhearcach i ngach earnáil. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé bonneagar agus tuairisciú láidir, uileghabhálach agus trédhearcach a áirithiú chun gur féidir aonaid a rianú óna n-eisiúint go dtí go gcuirfear ar ceal iad ar bhealach láraithe. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá fothú acmhainneachta chun gníomhaíochtaí margadhbhunaithe faoi Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme go láidir. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Glao ar ghníomhaíocht i gcomhair Margaí Carbóin atá Ailínithe le Comhaontú Pháras a seoladh ag an gCruinniú Mullaigh do Chomhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda.

40. TÁ SÍ DIONGBHÁILTE a bheith ag obair leis na Páirtithe uile chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint de chur chun feidhme an chreata trédhearcachta fheabhsaithe a chur chun cinn.
- Leanúint de phlé cuimsitheach a chur chun cinn maidir le todhchaí UNFCCC agus béim á leagan ar na cláir oibre a chuíchóiriú agus ar éifeachtúlacht an phróisis a fheabhsú, agus ag an am céanna cuimsitheacht a áirithiú agus tuilleadh spáis a chur ar fáil, chomh maith le rannpháirtíocht dhigiteach a éascú, laistigh de phróiseas UNFCCC, chun dul i ngleic le huaillmhian a fheabhsú agus le cur chun feidhme neartaithe.
- Cur chun feidhme uaillmhianach Chlár Oibre Ghlaschú maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (ACE) agus a Phlean Gníomhaíochta a chur chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar an ngné inscne chun acmhainneacht iomlán na mbeartas aeráide a ghiaráil, agus tacú le gníomhaíochtaí cuimsitheacha chun comhionannas inscne a bhaint amach, lena n-áirítear le cur chun feidhme leanúnach Chlár Oibre feabhsaithe Lima maidir le hInscne agus an Dara Plean Gníomhaíochta Inscne dá chuid.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bplé faoin gclár oibre comhpháirteach nua Sharm El-Sheikh maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme sa talmhaíocht agus sa tslándáil bia agus treochlár a ghlacadh ina leagfar amach a chuid oibre go dtí COP31 (2026).

41. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá gníomhaíocht na ngeallsealbhóirí sin nach páirtithe iad, agus freisin laistigh de phróiseas UNFCCC, agus MOLANN SÍ a n-iarrachtaí breise chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach agus torthaí an Athbhreithnithe Dhomhanda a chur chun feidhme, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide. IARRANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí den sórt sin chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach - lena n-áirítear trí ghealltanais thrédhearcacha láidre ghlan-nialasacha lena gceadaítear cuntasacht, agus pleananna gníomhaíochta inchreidte mar thaca leo, i gcomhréir leis na moltaí ó Shainghrúpa Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le gealltanais i leith astaíochtaí glan-nialasacha ó eintitis nach eintitis stáit iad.

42. ADMHAÍONN SÍ gur láidir an t-éileamh ón tsochaí shibhialta, ó dhaoine óga go háirithe, go mbeifí níos uaillmhianaí agus níos tapúla ag gníomhú ar son na haeráide, agus an cothromas idirghlúine á chur san áireamh, agus gur gá aistriú éiceolaíoch a chur ar bun a rachadh chun tairbhe na sochaí agus lena gcuirfí riachtanais na saoránach san áireamh; Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach an phobail chomh maith le rochtain ar fhaisnéis i dtaobh gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme.

43. AITHNÍONN SÍ ceannaireacht na rialtas áitiúil agus réigiúnach maidir le dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide agus maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a leathnú agus, ag an am céanna, a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas claochlaitheach do stíleanna maireachtála inbhuanaithe agus do phatrúin tomhaltais agus táirgthe agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le rannpháirtíocht mhéadaithe na rialtas áitiúil agus réigiúnach sa phróiseas chun NDCanna, pleananna náisiúnta oiriúnaithe agus straitéisí fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a chur chun feidhme.

44. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá tionscnaimh agus gealltanais il-gheallsealbhóirí ó thíortha agus ó eintitis phríobháideacha chun dlús a chur le cur chun feidhme an ghníomhaithe ar son na haeráide ar fud na n-earnálacha uile.

EAGRAÍOCHTAÍ AGUS PRÓISIS IDIRNÁISIÚNTA EILE

45. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthcheangal idir an t-athrú aeráide, géarchéim chailliúint na bithéagsúlachta, an gaineamhlú, truailliú, agus an díghrádú talún, uisce agus aigéin, agus go n-athneartaíonn siad a chéile, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go rathúil ach amháin trí chur chuige comhleanúnach ina bhfuil straitéisí a théann chun tairbhe do gach taobh, in éineacht le coimircí láidre sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe mar a sainmhíníodh ag 5ú Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP/EA.5/Res.5). MOLANN SÍ do na Páirtithe réitigh dhúlra-bhunaithe a áireamh ina NDCanna, a straitéisí fadtéarmacha agus ina bpleananna náisiúnta oiriúnaithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. IARRANN SÍ go ndéanfaí comhar agus sineirgí níos dlúithe agus níos láidre idir Coinbhinsiúin Rio agus comhaontuithe iltaobhacha eile comhshaoil chomh maith le tionscnaimh ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus próisis idirnáisiúnta ábhartha eile nach iad. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar an nasc idirnasctha uisce agus aeráide ar bhealach láidir iomlánaíoch.

46. TÁ SÍ AN-TIOMANTA I gCÓNAÍ na sineirgí idir UNFCCC agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht a neartú, lena n-áirítear ailíniú le cur chun feidhme Chreat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal a glacadh ag COP15.2 i mí na Nollag 2022 i Montréal agus tacú leis an gcur chun feidhme sin, agus go sonrach Sprioc 8, agus Deich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras, agus bearta a threisíonn agus a théann chun tairbhe do gach taobh a chur chun cinn a thuilleadh maidir le maolú ar an athrú aeráide, agus oiriúnú don athrú aeráide, agus maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar idir IPCC agus an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais le linn an seachtú tréimhse mheasúnaithe mar a iarradh ag IPBES-10. MEABHRAÍTEAR DI Dearbhú Cheannaire Ghlaschú maidir le Foraoiseacht agus Úsáid Talún agus é mar aidhm leis sin caillteanas foraoise agus díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú faoi 2030.

47. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ FREISIN na sineirgí idir UNFCCC agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD), trí thionscnaimh mar shampla an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Athléimneacht Triomaigh (IDRA), Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus an méid a baineadh amach faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, a neartú. IS DÍOL SÁSAIMH DI na conclúidí ó Uachtarán an Chomhthionóil Ghinearálta ó Chomhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe in 2023, agus TATHANTAÍONN SÍ go gcuirfear chun feidhme go pras iad, agus aithníonn sí an ról lárnach atá ag an uisce laistigh de chlár oibre na forbartha inbhuanaithe, agus béim á leagan aici ar uisce mar dheis thábhachtach chun maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a bhaint amach. IS DÍOL SÁSAIMH DI FREISIN an rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mar obair leantach ar Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe lena mbaintear leas as an móiminteam polaitiúil a cruthaíodh leis an gcomhdháil agus lena gcuirtear bealach chun cinn maidir le todhchaí na Gníomhaíochta Uisce ag na Náisiúin Aontaithe a mhúnlú. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar na conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach ina n-admhaítear an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda maidir le huisce agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá cur chuige straitéiseach i leith na slándála uisce.

48. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ an ról bunúsach atá ag bainistiú inbhuanaithe aigéan agus uisce agus ag éiceachórais fholláine a bhaineann le huisce san athléimneacht fhoriomlán aeráide a chur chun suntais, agus a thábhachtaí atá sé a bheith ag obair i gcomhréir le Deich mBliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe 2021-2030 de chuid na Náisiún Aontaithe, agus le Gníomh Uisce na Náisiún Aontaithe 2018-2028. Dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le Caomhnú agus le hÚsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) agus IARRANN SÍ go ndaingneofar agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm go pras agus go ndéanfar gníomhaíocht phráinneach chun an t-aigéan agus an t-uisce a chosaint, go háirithe chun tacú leis an gcaibidlíocht chun Ionstraim Idirnáisiúnta Ceangailteach ó thaobh Dlí maidir le Truailliú Plaisteach a fhorbairt, lena n-áirítear an mhuirthimpeallacht agus, ag an am céanna, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le héachtaí nithiúla i ndáil leis na spriocanna aeráide, aigéin agus uisce.

49. MEABHRAÍTEAR DI go sainaithnítear i dTuarascáil Mheasúnachta 6 ó Mheitheal III IPCC an eitlíocht agus an loingseoireacht idirnáisiúnta mar earnálacha ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun astaíochtaí a laghdú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) ina straitéis athbhreithnithe GCT lena n-áirítear uaillmhian choiteann fheabhsaithe chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa ón loingseoireacht idirnáisiúnta gar do 2050 a bhaint amach le seicphointí táscacha do 2030 agus do 2040 agus lena n-áirithítear glacadh breoslaí malartacha gás ceaptha teasa nialasach agus atá nach mór nialasach faoi 2030. MOLANN SÍ do IMO leanúint dá chuid oibre chun bearta meántéarma a fhorbairt agus a ghlacadh faoi 2025 lenar cheart caighdeán a ionchorprú lena rialófaí laghdú de réir a chéile ar dhéine GCT na mbreoslaí muirí, agus sásra praghsála astaíochtaí GCT muirí. IARRANN SÍ AR Bhallstáit ICAO teacht ar chomhaontú tráth nach déanaí ná ag Comhthionól ICAO in 2025 chun dlús suntasach a chur le leibhéal uaillmhéine CORSIA i gcomhréir lena sprioc mhianaidhme fhadtéarmach a bhaint amach agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

50. Aithníonn an Chomhairle ról ríthábhachtach na n-aigéan, an fheidhm 'carbón gorm' atá acu agus an riachtanas ríthábhachtach atá ann éiceachórais talún a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú, lena n-áirítear foraoisí chomh maith le héiceachórais uisce intíre agus cósta maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú, oiriúnú dóibh agus athléimneacht ina gcoinne a chothú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tIdirphlé Bliantúil maidir leis an Aigéan agus leis an Athrú Aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

---